# Mo Cheantar:
# Caint (Ag Lorg Lóistín)

*TEG B2: Aonad 2*

## A: RÉAMHOBAIR

**Scríobh na focail / na haidiachtaí a ritheann leat nuair a fheiceann tú na lóistíní seo a leanas agus labhair fúthu leis an duine atá in aice leat:**

| Teach 1 | Teach 2 | Teach 3 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| | | |

| Árasán 1 | Árasán 2 | Árasán 3 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Ná déan dearmad ar na frásaí cabhracha seo san **aimsir láithreach:**
Is maith liom X / Taitníonn X liom.
Agus **sa mhodh coinníollach:**
Ba mhaith liom X a … / Thaitneodh X liom

# B: CUMARSÁID

**Cuirfidh an teagascóir i ngrúpaí beaga sibh agus beidh oraibh rólimirt amháin as an dá rogha thíos a ullmhú agus a chur i láthair os comhair an ranga.**

**Rogha 1**

Beidh oraibh teach a fháil ar cíos le chéile. Tá post agus caitheamh aimsire éagsúil agaibh uile. Caithfidh sibh ceann de na tithe thíos a roghnú agus a fháil ar cíos le roinnt le chéile. Beidh oraibh teacht ar chomhréiteach, ar ndóigh!

## Teach 1



**Teachín scoite a tógadh 80 bliain ó shin:**

Dhá sheomra codlata dúbailte agus dhá sheomra codlata shingile. Tá an príomhsheomra codlata *en suite* agus tá seomra folctha mór eile ann, cistin agus seomra suí teolaí. Tá gairdín os comhair an tí agus garáiste ar a chúl ar féidir dhá ghluaisteán a chur ann. Tá cead peataí a bheith sa teach. Tá an teach aoibhinn seo lonnaithe faoin tuath, 15 nóiméad taobh amuigh de Mhaigh Nuad, agus tá radharc gleoite den tuath uaidh. 5 nóiméad siúil ó stad an bhus.

**€2,100 sa mhí.**

## Teach 2



**Teach mór scóipiúil leathscoite:**

Tá ceithre sheomra codlata sa teach seo, dhá sheomra folctha, seomra suí agus cistin mhór. Tá radharc deas ar na páirceanna ón seomra suí agus gairdín breá ar chúl. Garáiste agus áit pháirceála le haghaidh dhá charr. Tá cead ag peataí a bheith sa ghairdín cúil. Tá an teach seo in aice leis an bpáirc imeartha agus le páirc an bhaile. 10 nóiméad siúil ó lár an bhaile.

**€2,500 sa mhí.**

## Teach 3



**Teach álainn scoite:**

Ceithre sheomra codlata, dhá sheomra folctha, seomra suí mór agus cistin ollmhór. Athchóirithe go nua-aimseartha agus líon lán den teicneolaíocht is déanaí. Tá gairdín mór ar chúl an tí. Garáiste ina bhfuil spás le haghaidh dhá charr. Níl cead peataí a bheith sa teach ná sa ghairdín. Tá an scoil náisiúnta áitiúil béal dorais agus níl an teach ach 20 nóiméad tiomána ó lár an bhaile.

**€2,800 sa mhí.**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| Ról A | Ról B |
|---|---|
| Is cuntasóir thú agus tá tú ag obair in oifig i lár an bhaile. Nuair a bhíonn am saor agat imríonn tú spóirt agus is breá leat a bheith ag cócaireacht do do chairde. Níl carr agat agus, mar sin, siúlann tú nó téann tú ar an rothar chun na hoibre. | Tá tú ag obair i monarcha sa bhaile. Éiríonn tú an-luath gach maidin agus, mar sin, codlaíonn tú sa tráthnóna. Is breá leat a bheith ag siúl sléibhe. Tá carr agus gluaisrothar agat. |
| **Ról C**<br>Is mac léinn aibí thú san ollscoil i lár an bhaile. Is í seo bliain na céime agus, mar sin, ba mhaith leat áit chiúin a bheith agat le bheith ag staidéar. Nuair a bhíonn am saor agat, is breá leat dul ag tiomáint i do charr spóirt agus leadóg a imirt. | **Ról D**<br>Is tírdhreachóir thú. Tá veain mhór agat agus déanann tú cuid mhór taistil le do chuid oibre. Is breá leat gach cineál spóirt, agus tá madra darb ainm Bran agat. |

## Rogha 2

Tá tú ag bogadh go Maigh Nuad i d'aonar agus tá sé ar intinn agat árasán a fháil ar cíos. Téann tú ag féachaint ar thrí árasán éagsúla agus buaileann tú le triúr tiarnaí talún. Taispeánann siad na hárasáin duit ach níl ceann ar bith acu sásúil! Déanann siad a seacht ndícheall thú a mhealladh ach níl tú pioc sásta leo agus cuireann tú do thuairimí in iúl dóibh.

### Árasán 1



**Na príomhfhadhbanna:**

- An-mhínéata
- Boladh bréan
- Madra garbh agus cat mífháilteach
- Seomra staidéir

**Pointí dearfacha faoi:**

- Balcóin bhreá
- Tine gháis
- Go leor soicéad

### Árasán 2



**Na príomhfhadhbanna:**

- Cithfholcadán amháin idir ceathrar
- Seanfhaiseanta
- Go leor torainn sa cheantar
- Níl folúsghlantóir ar fáil

**Pointí dearfacha faoi:**

- An-ghar do lár an bhaile
- Cairpéad nua sa seomra suí
- Cabhsa fada

### Árasán 3



**Na príomhfhadhbanna**

- Níl leictreachas ann
- Níl teasairí ná uisce reatha ann
- Bheadh ort troscán a cheannach

**Pointí dearfacha faoi:**

- An-chiúin
- Triomadóir agus meaisín níocháin nua in íoslach an fhoirgnimh
- Radharc álainn uaidh

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Ransú intinne agus smaointe le haghaidh na rólimeartha:**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: MACHNAMH

## Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| Teach 1 | Teach 2 | Teach 3 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| Beag<br>Iargúlta<br>Ciúin | Ceantar cathrach<br>Sofaisticiúil<br>Aoibhinn álainn | Galánta<br>Nua-aimseartha<br>Mór millteach |

| Árasán 1 | Árasán 2 | Árasán 3 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| Mínéata<br>Mífháilteach<br>Gruama | Dorcha<br>Seanfhaiseanta<br>Caite | Tréigthe<br>Contúirteach<br>Lom |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad